Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10086/26**

**ECOFIN 723**
**UEM 201**
***ECB***
***EIB***

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 303 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2024/2128 ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i Málta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 303 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 303 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 303 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2024/2128 ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i Málta**

GA GA

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2024/2128 ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i Málta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 126(12) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 126(1) CFAE go bhfuil na Ballstáit le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint.

(2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta mar mhodh chun na dálaí a neartú le haghaidh cobhsaíocht praghsanna agus fás cuimsitheach inbhuanaithe láidir a mbeidh cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca leis, rud a thacódh le cuspóirí an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus fostaíocht a bhaint amach. Sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997[1] maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, a glacadh chun ceartú pras easnamh rialtais ghinearálta iomarcach a chur chun cinn.

(3) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2024/2128[2] faoi Airteagal 126(6) de CFAE maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i Málta mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh.

(4) An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE[3] d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh rialtais iomarcaigh. Mhol an Chomhairle conair cheartaitheach do Mhálta i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) 1467/97 agus na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas i gceist[4]: 6,0 % in 2025,

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30) arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L, 2024/1264, 30.4.2024).

2 Cinneadh (AE) 2024/2128 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i Málta, (IO L, 2024/2128, 1.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2128/oj).

3 Moladh an 21 Eanáir 2025 ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh i Málta. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta um easnamh iomarcach maidir le Málta ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/Malta_ga.

4 De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais

5,8 % in 2026, agus 5,8 % in 2027. Comhfhreagraíonn sé sin do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá, 13,8 % in 2025, 20,4 % in 2026, agus 27,4 % in 2027. Is iad seo na rátaí fáis bliantúla agus carnacha céanna le haghaidh 2025-2027 a leagadh síos sa Mholadh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Mhálta[5]. Ar bhonn Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún a bhí mar bhonn taca faoin moladh sin agus le creat réamh-mheastacháin fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin, bhí coinne leis go mbeadh easnamh nach mó ná an luach tagartha 3 % de OTI faoi 2027 mar thoradh ar chloí leis an gconair cheartaitheach sin.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 126(12) CFAE, aisghairfear cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann nuair a cheartófar an t-easnamh iomarcach sa Bhallstát lena mbaineann, dar leis an gComhairle.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 12 maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, cuireann an Coimisiún na sonraí ar fáil do chur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach. Mar chuid de chur i bhfeidhm an Phrótacail sin, tá na Ballstáit le sonraí maidir le heasnaimh agus fiachas rialtais agus athróga gaolmhara eile a thuairisciú faoi dhó sa bhliain, eadhon roimh an 1 Aibreán agus roimh an 1 Deireadh Fómhair, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 479/2009[6].

(7) Déanann an Chomhairle cinneadh go n-aisghairfear cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann ar bhonn sonraí arna soláthar ag an gCoimisiún. Níor cheart cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh a aisghairm ach amháin má tugadh an t-easnamh faoi bhun 3 % de luach tagartha OTI agus má léiríonn réamhaisnéisí an Choimisiúin go bhfanfaidh an t-easnamh amhlaidh sa bhliain reatha agus sa bhliain ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

(8) Ar bhonn sonraí arna soláthar ag an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 479/2009, tar éis thuairisciú mhí Aibreáin 2026 a rinne Málta[7], agus le Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, is féidir teacht ar na conclúidí seo a leanas:

- Tar éis dó 3,4 % de OTI a bhaint amach in 2024, thit an t-easnamh rialtais ghinearálta go 2,2 % de OTI in 2025, rud a d'fhág go raibh sé faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI. Áiríodh leis an easnamh rialtais in 2024 aistriú caipitil mór chuig an gcuideachta aerlíne náisiúnta. D'ainneoin neamh-atarlú an aistrithe

arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

5 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Mhálta (IO C, C/2025/649, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/649/oj).

6 Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 145, 10.6.2009, lch. 1) mar a leasaíodh go deireanach le Rialachán (AE) ón gCoimisiún Uimh. 220/2014 an 7 Márta 2014 (IO L 69, 8.3.2014, lch. 101).

7 Féach táscairí Euro Eurostat an 22 Aibreán 2026 https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-euro-indicators/w/2-22042026-ap

caipitil sin, tháinig fás substaintiúil ar chaiteachas rialtais in 2025, lena n-áirítear mar thoradh ar mhéaduithe suntasacha ar chaiteachas ar thomhaltas idirmheánach agus ar chúiteamh d'fhostaithe, chomh maith le caiteachas aonuaire a eascraíonn as cinneadh cúirte. Dá bhrí sin, ba é fás láidir ioncaim rialtais ba chúis leis an laghdú ar an easnamh den chuid is mó, arna spreagadh ag fás ainmniúil OTI agus amhantair chánach shuntasacha. I gcomparáid leis an easnamh beartaithe le haghaidh 2025 a tuairiscíodh i dtuairisciú mhí Dheireadh Fómhair 2025, bhí easnamh 2025 1,1 % de OTI níos ísle, mar gheall ar chaiteachas infheistíochta níos ísle ná mar a bhí beartaithe agus ioncam níos láidre ná mar a bhí coinne leis ó chánachas corparáideach.

– Tuartar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,2 % de OTI in 2026 agus 2,1 % de OTI in 2027, rud a léiríonn go bhfanfadh an t-easnamh faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI. Léiríonn an réamh-mheastachán maidir le cóimheas easnaimh atá cobhsaí a bheag nó a mhór na hionchais maidir le fás suntasach leanúnach caiteachais, lena n-áirítear mar thoradh ar chostas níos airde fóirdheontas fuinnimh, lena bhfritháirítear ioncam níos airde ó dhálaí eacnamaíocha fabhracha. I dtuairisciú mhí Aibreáin 2026, thuairiscigh Málta easnamh rialtais ghinearálta atá beartaithe le haghaidh 2026 a laghdódh go 1,6 % de OTI.

(9) Ar bhonn ríomhanna ón gCoimisiún[8], d'fhás an glanchaiteachas i Málta faoi 5,6 % in 2025 agus is fás carnach 22,2 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an ráta fáis ghlanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta bliantúil fáis a moladh. Mar sin féin, agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2,3 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Ba é an t-aistriú caipitil thuasluaite chuig an gcuideachta aerlíne náisiúnta a spreag an ráta ard fáis glanchaiteachais in 2024. Réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas i Málta faoi 6,1 % in 2026 agus gur fás carnach 29,7 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2.2 % de OTI i dtéarmaí carnacha.

(10) Tháinig méadú ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI ó 45,9 % ag deireadh 2024 go 46,4 % de OTI ag deireadh 2025, agus dá bhrí sin d'fhan sé faoi bhun an luacha tagartha 60 % de OTI. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh sé go 46,2 % faoi dheireadh 2026, mar gheall ar an easnamh príomhúil níos ísle agus an 'éifeacht charnach' ó fhíorfhás OTI agus ó bhoilsciú.

(11) Dar leis an gComhairle, ceartaíodh an t-easnamh iomarcach i Málta agus ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2024/2128 a aisghairm.

8 Táblaí Staidrimh Fioscacha ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát, SWD(2026) 200 final, an Bhruiséil, 3.6.2026.

(12) Le haisghairm Chinneadh 2024/2128 ón gComhairle, tá an Moladh ón gComhairle an 26 Iúil 2024 faoi Airteagal 126(7) CFAE imithe i léig. Ina ionad sin, tá feidhm fós ag an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Mhálta; dá bhrí sin, ba cheart do Mhálta a áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna molta a leagtar amach i bpointe 1 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh sin ón gComhairle.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Fágann measúnú foriomlán gur ceartaíodh staid an easnaimh iomarcaigh i Málta.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (AE) 2024/2128.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Mhálta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*